



# Na Daoine a Áireamh!

**Daonáireamh**  
**2016** AIBREÁN  
**24**  
**GLAC DO PHÁIRT**

Acmhainn teagaisc agus foghlama  
ar an Daonáireamh lena húsáid  
san Oideachas Saoránach,  
Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP)



# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar	03
Buíochas	04
Réamhrá maidir leis an acmhainn Na Daoine a Áireamh!	05
Ceacht 01: An Daonáireamh	07
Ceacht 02: An Daonáireamh agus An Dlí	11
Ceacht 03: An Daonáireamh agus Daonlathas	15
Ceachtanna 04 agus 05: An Daonáireamh agus Forbairt	21
Ceachtanna 06, 07 agus 08: An Tionscadal Gníomhaíochta um Ullmhú do Sheachtain an Daonáirimh	45
Ceachtanna 09 agus 10: Daonáireamh Scoile	53

## Buíochas

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh an-bhuíoch de Conor Harrison as an acmhainn teagaisc agus foghlama seo a athbhreithniú, a athdhearadh agus a nuashonrú lena húsáid i gceachtanna Oideachais Shaoránaigh, Shóisialta agus Pholaitiúil (OSSP).

Gabhtar buíochas ar leith le Deirdre Phelan, Gillian Casey, Bill Doherty agus Valerie Lewis, múinteoirí OSSP, as a gcuid oibre ar leaganacha roimhe den acmhainn seo, a táirgeadh den chéad uair do Dhaonáireamh 2011.

Tógadh na híomhánna san acmhainn seo ó [www.graphicstock.com](http://www.graphicstock.com) agus ó [www.shutterstock.com](http://www.shutterstock.com) agus fuarthas cead iad a úsáid.

© An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016





Réamhrá maidir leis an acmhainn Na Daoine a Áireamh!



# Réamhrá maidir leis an acmhainn Na Daoine a Áireamh!

## Na Daoine a Áireamh!

Fáilte go dtí an acmhainn **Na Daoine a Áireamh!** Scríobhadh an acmhainn teagaisc agus foghlama seo chun daltaí agus múinteoirí Oideachais Shaoránaigh, Shóisialta agus Pholaitiúil (OSSP) a chumasú iniúchadh agus plé a dhéanamh ar cad is Daonáireamh ann; ar cén fáth a líonaimid an Daonáireamh isteach ar Oíche an Daonáirimh agus ar an dóigh a n-úsáidtear an fhaisnéis sin chun pobail agus an tsochaí in Éirinn a mhúnlú sa todhchaí.

Is é an aidhm atá leis an acmhainn seo freisin feachtas a mhéadú ar Dhaonáireamh 2016 a bheidh ar siúl Dé Domhnaigh an 24 Aibreán 2016. Áirítear léi smaointe agus gníomhaíochtaí ceachta ina ndírítear ar roinnt coincheap sa chúrsa OSSP – AN DLÍ, DAONLATHAS agus FORBAIRT ina measc – agus ar an dóigh a n-úsáidtear an fhaisnéis a fhaightear ón daonáireamh chun údarais áitiúla, an rialtas láir agus gnóthais pleanáil a dhéanamh ar fhorbairtí amach anseo ar nós scoileanna, saoraidí pobail, ionaid siopadóireachta, etc.

Leis an acmhainn seo, spreagtar thú TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA DO SHEACHTAIN AN DAONÁIRIMH SCOILE a eagrú, áit a ndéanfaidh na daltaí Daonáireamh 2016 ar a Rang nó ar a mBlianghrúpa féin agus a gcuirfidh siad a dtorthaí i láthair chun béim a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an Daonáireamh a chomhlánú.

## Daonáireamh 2016

Cuirtear daonáireamh ar siúl in Éirinn gach cúig bliana. Áirítear ann gach duine agus gach teaghlach sa tír. Tugtar i ngach daonáireamh léargas soiléir ar dhálaí sóisialta agus maireachtála na ndaoine. Dá bhrí sin, tugtar sa daonáireamh faisnéis rithábachtach maidir lena bhfuil i ndán d'Éirinn a phleanáil.

Beidh Daonáireamh 2016 ar siúl Dé Domhnaigh an 24 Aibreán. Is éigeantach atá an daonáireamh. Faoi Alt 26 den Acht Staidrimh, 1993, féadfar fineáil nach mó ná €25,000 a chur ar aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar nó a sholáthróidh faisnéis bhréagach, agus a fhios aige í a bheith bréagach.

Déantar rúndacht an tuairisceáin daonáirimh ó gach teaghlach a ráthú go dlíthiúil leis an Acht Staidrimh, 1993, agus ní fhéadfar an fhaisnéis a thugtar a úsáid ach amháin chun críocha staidrimh.

Bhí an daonáireamh ba dhéanaí ar siúl Dé Domhnaigh an 10 Aibreán 2011 agus bhí an daonáireamh díreach roimhe (Daonáireamh 2006) ar siúl Dé Domhnaigh an 23 Aibreán. Bhí an daonáireamh roimhe sin ar siúl Dé Domhnaigh an 28 Aibreán 2002 (cuireadh é bliain amháin siar mar gheall ar ráig an Ghalair Chrúibe is Bhéil sa bhliain 2001).

### Sainmhíniú ar Dhaonáireamh

*Áireamh a dhéantar chun críocha oifigiúla, go háirithe ceann chun líon na ndaoine a chónaíonn i dtír, i gcathair nó i mbaile ar leith a áireamh agus chun faisnéis a bhailiú faoi na daoine sin, e.g. aois, gnéas, post, etc.*

Arna aistriú ón sainmhíniú atá ar fáil ar [dictionary.cambridge.org](http://dictionary.cambridge.org)



**CENSUS  
ENUMERATOR**

**Central Statistics Office**  
An Phríomh-Oifig Staidrimh

Ceacht 01: An Daonáireamh

## Ceacht 1: An Daonáireamh


Sa cheacht seo, cumasófar do dhaltaí cur leis an tuiscint atá acu ar a bhfuil i gceist leis an modúl oibre seo ar an Daonáireamh. Cabhrófar leo faisnéis thábhachtach a ghnóthú faoi dhaonáirimh.

Fótachóipeáil an Bhileog Faisnéise 2 leathanach agus an Leathanach Gníomhaíochta Póstaer do gach dalta.

### Gníomhaíocht 1: Bileog Faisnéise Daonáirimh (2 thaobh – leathanaigh 9 agus 10)

Ba cheart do dhaltaí an Bhileog Faisnéise a léamh agus na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt ansin:

- a) Cén fáth a gcuirtear daonáireamh ar siúl in Éirinn gach cúig bliana?
- b) Cén céatadán de theaghlaigh a bhfuil ríomhaire pearsanta acu, de réir Dhaonáireamh 2011?
- c) Cén difear a dhéanann sonraí daonáirimh do Dháil Éireann?
- d) Ainmnigh dhá phíosa reachtaíochta lena gcuirtear ceanglas éigeantach ar dhaoine an Fhoirm Daonáirimh a chomhlánú.
- e) Cruthaigh mana do Dhaonáireamh 2016.
- f) Dear póstaer lena spreagfar daoine i do phobal an fhoirm do Dhaonáireamh 2016 a chomhlánú ar Oíche an Daonáirimh. Bí cinnte go dtabharfaidh tú an fhaisnéis seo a leanas air: a) an lá agus an dáta; b) TRÍ chúis a bhfuil sé tábhachtach an Fhoirm Daonáirimh a chomhlánú.



# Bileog Faisnéise

## Daonáireamh - Imeacht Uathúil

Sa Daonáireamh, tugtar faisnéis dúinn fúinn féin. Gach cúig bliana, faighimid deis ár rian a fhágáil trína thaifeadaidh cé sinn, cá bhfuilimid, cad a dhéanaimid, cad is féidir linn a dhéanamh agus cén staid ina bhfuilimid faoi láthair.

Is cuma cén aois thú – bíodh tú 1 uair d'aois nó os cionn 100 bliain d'aois!

Is cuma cén áit ar rugadh thú – Corcaigh nó an Chambóid, Baile Átha Cliath nó Durban, Gaillimh nó Glaschú, Cill Chainnigh nó Kigali, Luimneach nó Lusaka, Port Laoise nó Páras, Sligeach nó Shang-hai, Trá Lí nó Taillinn, Port Láirge nó Vársá. Is cuid de shochaí na hÉireann thú anois agus, dá bhrí sin, tá tábhacht leat!



## Cén fáth a gcuirtear Daonáireamh ar siúl?

Tugtar sa Daonáireamh léargas cuimsitheach ar dhálaí sóisialta agus maireachtála gach duine in Éirinn sa bhliain 2016. Ní féidir sonraí chomh cruinn sin a fháil ach amháin trí dhaonáireamh. Tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach maidir le beartas a fhorbairt, le planáil agus le cinnteoireacht.



Soláthraítear sa daonáireamh faisnéis a úsáidtear chun a chinntiú gur féidir acmhainní poiblí a chomhroinnt go cothrom ar fud na tíre agus chun a chinntiú go n-oireann seirbhísí áitiúla do gach duine a chónaíonn sa cheantar.

Tá figiúirí daonáirimh tábhachtach do gach pobal in Éirinn. Tugtar faisnéis iontu faoi aois, faoi oideachas, faoi fhostaíocht, faoin teanga a labhraítear, faoi shláinte, 7rl.

Is é an rud is fearr faoi fhaisnéis daonáirimh ná gur féidir le gach duine í a úsáid – tá sí saor in aisce, tá sé furasta í a rochtain agus tá sí thar a bheith úsáideach.

## Fásann uinéireacht ríomhairí phearsanta

Idir 2006 and 2011 tháinig méadú de 44.8 faoin gcéad ar líon na dteaglaigh príobheadacha ar leo RP. Bhí 370,942 níos mó teaghlach ar leo RP. Dardaigh an ceatadán sa tír ó 58% go dtí 74.3%.

Bhí RP i 84.5% de theaghlach i gceantar Fhine Gall. Bhí ceantar Dún Laoghaire sa dara áit. Ag an taobh eile den scála bhí Contae Liatroma le 64.6% de theaghlach le RP and Cathair Luimní le 64.9%.

## Sampla de Shonraí Daonáirimh ó Dhaonáireamh 2011

Léirítear sna figiúirí sin go mbíonn méadú ag teacht ar an rochtain atá ag saoránaigh in Éirinn ar ríomhairí. Thar an tréimhse cúig bliana idir 2006 agus 2011, mhéadaigh líon na dteaghlach a bhfuil ríomhaire phearsanta acu ó 58% de theaghlach go 74.3% de theaghlach.

A bhuí le faisnéis den sórt sin, faighimid mionléargas den saol in Éirinn ag aon am ar leith.

Nach deas an rud é eolas a bheith againn go mbeidh daoine i gceann 100 bliain in ann feachaint siar chun sinn a aimsiú agus faisnéis a fháil fúinn sa bhliain 2016, díreach mar atáimid in ann feachaint ar thaifid daonáirimh ó na blianta 1901 agus 1911 chun faisnéis a fháil faoinár sinsir agus faoin saol mar a bhí sé in Éirinn céad bliain ó shin.



## An Daonáireamh agus Daonlathas

Tá sonraí cruinne ina léirítear athruithe i bpobail na hÉireann tábhachtach maidir lena oibriú amach conas a leithdháilfear suíocháin sa Dáil. Leagtar síos in Airteagal 16.2 de Bhunreacht na hÉireann go mbeidh líon iomlán na gcomhaltai de Dháil Éireann ag brath ar an daonra de réir an Daonáirimh (i.e. Teachta Dála amháin in aghaidh gach 20,000 duine go 30,000 duine).

Déantar athbhreithnithe ar thoghlaigh de ghnáth tar éis na tuairisceáin dheireanacha daonáirimh a fhoilsiú. Foilsíodh an Tuarascáil ba dhéanaí ón gCoimisiún um Thoghlaigh sa bhliain 2012. Ba leis an Tuarascáil sin a laghdáíodh líon na dtoghlaigh ó 43 cinn go 40 ceann. Mar sin, laghdófar líon na dTeachtaí Dála sa chéad Dáil eile ó 166 dhuine go 158 nduine.



## An Daonáireamh agus An Dlí



Tá sé éigeantach an Fhoirm Daonáirimh a chomhlánú. Faoi Alt 26 den Acht Staidrimh, 1993, féadfar fineáil nach mó ná €25,000 a chur ar aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar nó a sholáthróidh faisnéis bhréagach, agus a fhios aige í a bheith bréagach.

### An tAcht Staidrimh, 1993

Sa phíosá reachtaíochta seo, leagtar amach sa dlí gach ceann de na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an Daonáireamh a dhéanamh in Éirinn.

### An tOrdú Staidrimh (Daonáireamh) 2015

Cinntear san Ionstraim Reachtuil seo cén uair a bheidh Daonáireamh 2016 ar siúl. Luaitear ann go mbeidh “oíche an Daonáirimh” ar siúl ó 9:00 pm an 24 Aibreán go 7:00 am an 25 Aibreán 2016.

## An Daonáireamh agus an Eoraip

Beidh an chéad mhór-dhaonáireamh eile ar siúl ar fud an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2021. Reachtálfaidh gach ceann de na 28 mBallstát den AE Daonáireamh sa bhliain sin. Toisc go mbaileofar sna Daonáirimh sin na haon sonraí ar fud raon ceisteanna do gach tír san AE, beidh an fhaisnéis inchomparáide ar fud na hEorpa agus beimid in ann sinn féin a chur i gcomparáid lenár gcomharsana is gaire.

Is sa bhliain 2021 freisin a reachtálfaidh cuid mhór tíortha eile an chéad daonáireamh eile dá gcuid.

Is maith an rud é, mar sin, go mbeimid in ann sinn féin a chur i gcomparáid le daoine i dtíortha eile ar fud an domhain.







## Ceacht 02: An Daonáireamh agus an Dlí



## Ceacht 2: An Daonáireamh agus an Dlí

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh daltaí go bhfuil Daonáireamh 2016 bunaithe ar dhlíthe na tíre - an tAcht Staidrimh, 1993, agus an tOrdú Staidrimh (Daonáireamh) 2015, Ionstraim Reachtúil Uimhir 445 de 2015.

Léirítear san **Acht Staidrimh, 1993** an dóigh a bhfeidhmíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh. Chomh maith leis sin, leagtar amach ann an tábhacht a bhaineann le rúndacht agus léirítear ann go bhfuil ceanglas éigeantach orainn go léir an Fhoirm Daonáirimh a chomhlánú ar Oíche an Daonáirimh.

Leagtar síos san **Ordú Staidrimh (Daonáireamh), 2015** dáta oíche an Daonáirimh. Sonraítear ann freisin na cineálacha ceisteanna a chuirfear i nDaonáireamh 2016.

Iarr ar na daltaí féachaint ar an dá Shliocht as na doiciméid dhlíthiúla seo. Ba cheart dóibh breathnú ar an gcineál teanga atá in úsáid iontu agus na ceisteanna gaolmhara a fhreagairt ansin.

Fótachóipeáil na sleachta as an dá dhoiciméad dhlíthiúla do na daltaí (leathanaigh 13 agus 14).

# An tAcht Staidrimh, 1993

## Sleachta as an Acht Staidrimh, 1993

### CUID V

#### FAISNÉIS A CHOSAINT

- 32.-** Maidir leis an bhfaisnéis go léir a thabharfaidh duine, gnóthas nó údarás poiblí faoin Acht seo, ní úsáidfear í ach amháin chun staidreamh a thiomsú agus a anailísiú.
- 33.-** (1) Ní dhéanfar aon fhaisnéis a gheofar in aon slí faoin Acht seo ná faoi na hachtacháin aisghairthe, ar faisnéis í is féidir a chur i mbaint le duine nó le gnóthas inaitheanta, a scaipeadh, a thaispeáint ná a chur in iúl d'aon duine ná d'aon chomhlacht, seachas le toiliú i scríbhinn ón duine sin nó ón ngnóthas sin nó ó ionadaí pearsanta nó neasghaol duine éagtha, ach amháin mar a leanas—
- (a) chun críocha ionchúisimh i leith ciona faoin Acht seo;
  - (b) d'oifigh staidrimh i gcúrsa a ndualgas faoin Acht seo;
  - (c) d'fhonn aon fhaisnéis den sórt sin a thaifeadadh chun úsáid na hOifige, agus chuige sin amháin, i cibé foirm agus modh dá bhforálfar le conradh i scríbhinn arna dhéanamh ag an Ard-Stiúrthóir, ar conradh é a chosnaíonn rúndacht na faisnéise chun a shástachta.
- 38.-** Aon duine a úsáidfídh faisnéis a tugadh faoin Acht seo nó faoi na hachtacháin aisghairthe de shárú ar *alt* 32 den Acht seo, nó a nochtfaidh go toiliúil faisnéis a bhaineann le haon duine nó gnóthas inaitheanta de shárú ar *alt* 33 den Acht seo, beidh sé ciontach i gcion.
- 44.-** (1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi aon fhoráil den Acht seo dlífear—
- (a) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 a chur air, nó
  - (b) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £20,000 a chur air.

Chun cóip iomlán a fháil den Acht Staidrimh, 1993, téigh chuig <http://www.acts.ie/ga.act.1993.0021.1.html>

## Ceisteanna

Léigh an sliocht thuas agus tabhair aird ar an gcineál teanga atá in úsáid ann.

Mínigh, i d'fhocail féin, an chiall atá le gach ceann de na ceithre alt (ailt 32, 33, 38 agus 44).

# An tOrdú Staidrimh (Daonáireamh), 2015

## Sleachta as an Ordú Staidrimh (Daonáireamh) 2015, Ionstraim Reachtúil Uimhir 445 de 2015

### 2. San Ordú seo—

ciallaíonn “oíche an daonáirimh” an tréimhse ama dar tús 9 p.m. an 24 Aibreán 2016 agus dar críoch 7 a.m. an 25 Aibreán 2016;

ciallaíonn “an mhaidin dár gcionn” an tréimhse ama dar tús 7 a.m. an 25 Aibreán 2016 agus dar críoch nóna an lá sin.

### Cineál ginearálta na faisnéise atá le cur ar fáil chun críocha an Daonáirimh sa bhliain 2016

#### 1. I dtaca le hairíonna agus saoráidí tithíochta teaghlaigh phríobháidigh:

- (a) cineál cóiríochta;
- (b) aois an fhoirgnimh;
- (c) cé acu atá an chóiríocht faoi úinéireacht an teaghlaigh nó á glacadh ar cíós aige;
- (d) i gcás cóiríochta ar cíós, an méid cíosa a íoctar;
- (e) líon seomraí;
- (f) cineál breosla a úsáidtear le haghaidh téamh lárnach;
- (g) cineál soláthair uisce;
- (h) cineál saoráidí séarachais;
- (i) líon gluaisteán agus veaineanna;
- (j) ríomhaire pearsanta i seilbh;
- (k) rochtain ar an idirlíon.

Chun cóip iomlán a fháil den Ordú Staidrimh (Daonáireamh) 2015 (Ionstraim Reachtúil Uimhir 445 de 2015), téigh chuig <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/445/made/en/print>

## Ceisteanna

(a) Léigh an sliocht thuas agus tabhair aird ar an gcineál teanga atá in úsáid ann.

(b) Cén dáta ar a mbeidh Oíche an Daonáirimh ar siúl?

(c) Cén fáth a n-eisítear Ordú Reachtúil sula gcuirtear gach daonáireamh ar siúl in Éirinn, dar leat?



Ceacht 03: An Daonáireamh agus Daonlathas

## Ceacht 3: An Daonáireamh agus Daonlathas

Sa cheacht seo, cumasófar do dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar an difear díreach a dhéanann an daonáireamh don chóras daonlathais in Éirinn.

Le linn Thoghchán 2016 agus ina dhiaidh, beidh roinnt athruithe ann ar chóras daonlathais na hÉireann:

- Beidh 158 dTeachta Dála ann i nDáil Éireann. Is ionann é sin agus laghdú d'ochtair Teachtaí Dála. Bhí 166 Theachta Dála ann sa Dáil ba dhéanaí
- Beidh 40 toghlach ann do Thoghchán 2016. Is ionann é sin agus laghdú de 3 thoghlach. Bhí 43 thoghlach ann sa Dáil ba dhéanaí.
- I gcomparáid le Toghchán 2011, beidh roinnt athruithe ann ar mhéid na dtoghlach:
  - 11 Líon na dtoghlach 5 shuíochán (Gan athrú)
  - 16 Líon na dtoghlach 4 shuíochán (méadú de 1 cheann)
  - 13 Líon na dtoghlach 3 shuíochán (laghdú de 4 cinn)
- I gcás an chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 2019, ní bheidh aon athrú ann ar na ceithre thoghlach 3 shuíochán atá againn



**Daonlathas**

**Toghlach**

**Coimisiún**

**Ionadaíocht**

Fótachóipeáil an **Sliocht as Tuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh 2012** (leathanach 17) agus iarr ar na daltaí na Ceisteanna gaolmhara a fhreagairt.

# Tuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh, 2012

## Sliocht as Tuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh, 2012

### ‘Toghlaigh don Dáil agus do Pharlaimint na hEorpa’

Tá áthas ar an gCoimisiún, a bunaíodh faoin Acht Toghcháin, 1997, (arna leasú) chun athbhreithniú a dhéanamh ar na toghlaigh do thoghcháin don Dáil agus do Pharlaimint na hEorpa i bhfianaise Dhaonáireamh 2011, a thuarascáil a chur i láthair san imleabhar seo.

Is é seo an chéad uair riamh a iarradh ar Choimisiún reachtúil athbhreithniú a dhéanamh ar líon na dtoghlaigh bunaithe ar líon laghdaithe comhaltaí de Dháil Éireann. Ba leis na forálacha leasaitheacha den Acht Toghcháin (Leasú) 2011 a socraíodh líon iomlán na gcomhaltaí den Dáil sa raon idir 153 dhuine agus 160 duine, i gcomparáid leis an raon idir 164 dhuine agus 168 nduine a bhí ann roimhe. Mar gheall air sin, agus mar gheall ar an méadú de 348,404 dhuine nó de 8.2% atá tagtha ar an daonra, tá sé riachtanach athruithe níos forleithne a dhéanamh anois ná mar a bheadh riachtanach ar shlí eile.

Molann an Coimisiún líon na gcomhaltaí de Dháil Éireann a shocrú ag 158 nduine. Dá ndéanfaí laghdú ní ba mhó ná sin ar an bhfigiúr, bheadh an cóimheas idir comhaltaí Dála agus an daonra ní ba ghaire don teorainn bhunreachtúil, is é sin, 30,000 duine in aghaidh an chomhalta. Agus aird á tabhairt ar théarmaí tagartha an Choimisiúin, is é an líon 158 gcomhalta an líon is fearr chun freastal ar an leithdháileadh suíochán ar bhonn contae. Baineann sé an chothroime ionadaíochta is fearr amach agus gabhann an éagsúlacht fosta leis ón meánchóimheas náisiúnta idir daonra agus comhalta Dála.

Is é 40 ceann líon na dtoghlaigh Dála a mholtar, in ionad na 43 cinn atá ann faoi láthair. Fágann na hathruithe a mholtar ar na toghlaigh Dhála nach mbeidh aon athrú ann ar líon na dtoghlaigh 5 shuíochán, agus 11 cheann acu. Fágann siad freisin, áfach, go mbeidh 13 thoghlach 3 shuíochán ann in ionad na 17 gcinn atá ann faoi láthair agus go mbeidh 16 thoghlach 4 shuíochán ann in ionad na 15 cinn atá ann faoi láthair. Na hathruithe a mholtar ar na toghlaigh Dhála, tá achoimre orthu thíos agus tá siad leagtha amach i gCaibidil 5. Níl aon athrú ann ar aon thoghlach déag.

Mar atá mínithe i gCaibidil 6, ní mheasann an Coimisiún gur gá aon athrú a dhéanamh ar na ceithre thoghlach 3 shuíochán atá againn faoi láthair do thoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa.

Chun cóip iomlán a fháil de Thuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh 2012, ‘Toghlaigh don Dáil agus do Pharlaimint na hEorpa 2012’, téigh chuig <http://www.constituency-commission.ie/report.htm>

## Ceisteanna

- (a) Léigh an sliocht thuas as Tuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh, 2012.
- (b) Déan achoimre, i d’fhocail féin, ar chúig phríomhathrú ar a laghad a bheidh á gcur chun feidhme do Thoghchán 2016, bunaithe ar na sonraí daonáirimh ó Dhaonáireamh 2011.



## Daonáireamh 2016 – Dearcadh Náisiúnta

Sa cheacht seo, tabharfar deis do na daltaí foghlaim faoi cad atá i gceist le Daonáireamh náisiúnta a thógáil. In **Aistear na Foirme Daonáirimh** (leathanach 19), tabharfar forbhreathnú do na daltaí ar an bpróiseas atá i gceist le daonáireamh náisiúnta a eagrú. Cuir díospóireacht ranga ar siúl faoin bhfaisnéis atá ar fáil ar an dá leathanach seo. Má thug na daltaí faoi dhaonáireamh de chineál éigin sa rang / bhliain / scoil roimhe seo, beidh eolas acu ar na dúshláin a ghabhann leis an bpróiseas. Tabharfaidh sé sin deis dóibh smaoineamh faoin dóigh a ndéantar obair den chineál sin ar leibhéal náisiúnta.

### Fíricí

Tugtar sa Daonáireamh léargas cuimsitheach ar dhálaí sóisialta agus maireachtála na ndaoine in Éirinn faoi láthair. Tá na torthaí ina n-uirlisí ríthábhachtacha maidir le beartas, pleanáil agus cinnteoireacht atá éifeachtach a chur ar fáil.

Tá Éire ag déanamh Daonáireamh ón mbliain 1821. Cuireann an méid sin ar chumas na Príomh-Oifige Staidrimh forbairtí a rianú go han-chruinn thar thréimhse fhada ama.

Ag leibhéal náisiúnta, tá staitisticí reatha daonra ríthábhachtach maidir le pleanáil a dhéanamh do shaoránaigh a chónaíonn sa daonlathas seo – cúram sláinte a sholáthar, oideachas, fostaíocht, etc. Chomh maith leis sin, tá figiúirí réigiúnacha ag teastáil chun beartas réigiúnach a chinneadh agus chun na húdaráis réigiúnacha a oibriú. Is é an ghné is láidre den daonáireamh ná go soláthraítear ann figiúirí mionsonraithe daonra ag leibhéal áitiúil. Cabhraíonn na figiúirí sin le sainiú a dhéanamh ar an éileamh ar dóigh dó a bheith ann ar scoileanna agus ar ospidéal amach anseo agus ar na láithreacha is fearr do shiopaí nua, do ghnóthais nua agus do shaoráidí nua eile.



**TABHAIR FAOI DEARA:** Leagtar síos in Airteagal 16.2 de Bhunreacht na hÉireann go mbeidh líon iomlán na gcomhaltaí de Dháil Éireann ag brath ar an daonra de réir an daonáirimh (i.e. Teachta Dála amháin in aghaidh gach 20,000 duine go 30,000 duine). Déantar athbheithnithe ar thoghlaigh de ghnáth tar éis na tuairisceáin dheireanacha daonáirimh a fhoilsiú.

Chomh maith leis sin, tá an Daonáireamh ar an aon bhealach amháin chun méid na himirce a thomhas go cruinn – is é sin, gluaiseacht na ndaoine isteach go hÉirinn (imirce) agus amach aisti (eisimirce).

### Príomhphointí faoin Daonáireamh

Beidh Lá an Daonáirimh ar siúl Dé Domhnaigh an 24 Aibreán 2016.

Baineann an-tábhacht leis an Daonáireamh don ri-altas, do ghnóthais agus do na pobail uile.

Cinntíonn comhoibriú ón bpobal go n-éireoidh leis an Daonáireamh.

Tá ceanglas dlíthiúil ar an bpobal comhoibriú ann.

Is mar fhaisnéis rúnda a chaitheann an Phríomh Oifig Staidrimh leis an bhfaisnéis ar fad a fhaightear.

### An dóigh a ndéantar an Daonáireamh

Déantar 4,400 ball foirne allamuigh a earcú agus a oiliúint.

Seachadann Áiritheoirí Daonáirimh (a bhfuil cárta aitheantais acu) níos mó ná 2 mhilliún Foirm Daonáirimh san iomlán chuig gach teach, agus aon áit eile ina gcónaíonn daoine, le linn na 4 seachtaine roimh Lá an Daonáirimh.

Bíonn gach ceantar sa tír ar áireamh ann.


Reáchtáiltear fógraí sna meáin chun a chur i gcuimhne do dhaoine an Fhoirm Daonáirimh a chomhlánú.

Líonann daoine an fhoirm isteach ar Oíche an Daonáirimh.

Bailíonn na hÁiritheoirí Daonáirimh na Foirmeacha Daonáirimh uile le linn na 4 seachtaine ina dhiaidh.



# Aistear na Foirme Daonáirimh







Ceachtanna 04 agus 05: An Daonáireamh agus Forbairt



## Ceachtanna 4 agus 5: Forbairt Pobail

Déan iniúchadh ar choincheap na Forbartha in éineacht leis na daltaí. Má fhoghlaimíonn siad faoin gcoincheap sin, cumasófar do na daltaí tuiscint a ghnóthú ar na bealaí ina dtagann feabhsuithe chun cinn ag leibhéil dhifriúla ar domhan, san Eoraip, inár dtír féin agus inár bpobail féin. Tá sé tábhachtach plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le saoránaigh tionchar a imirt ar fhorbairtí agus ar an dóigh a bpleanáiltear forbairtí.

### Sainmhíniú ar Fhorbairt

*Is féidir forbairt a shainmhíniú mar phróiseas feabhsaithe (sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha, polaitiúil) chun freastal ar riachtanais i mbeatha daoine ag gach leibhéal (pearsanta, áitiúil, náisiúnta, idirnáisiúnta). Ba chóir a fhios a bheith ag daltaí go ndéantar forbairt a phleanáil de ghnáth agus gur féidir treoir a imirt air go minic tríd an bpróiseas daonlathach. Ba chóir a fhios a bheith acu chomh maith go bhfuil an próiseas forbartha casta, conspóideach go minic, agus nach n-éiríonn leis i gcónaí freastal ar riachtanais gach páirtí lena mbaineann an scéal. Is é toradh a bhíonn ar easpa forbartha ná meathlú agus fofhorbairt.*

Siollabas OSSP, An Roinn Oideachais, 1996

### Gníomhaíocht 1: Athruithe i mo Phobal

Iarr ar na daltaí nuachtáin áitiúla, nuachtlitreacha áitiúla, ailt as ríomhpháipéir, grianghraif, póstaeir, etc., a bhaineann le himeachtaí atá ar siúl ina bpobal faoi láthair a thabhairt isteach.

Mura bhfuil an t-am agat nuachtáin a bhailiú, d'fhéadfá seisiún ransú smaointe a dhéanamh leis na daltaí faoin dóigh ar athraigh an pobal le cúpla bliain anuas. Smaoinigh faoi na foirgnimh, faoi na seirbhísí, faoi na daoine agus faoi na teangacha, i measc rudaí eile, atá le fáil ann.

Agus tú ag déanamh ransú smaointe nó ag úsáid nuachtán, iarr ar na daltaí an bhileog **'Athruithe i mo Phobal'** a chomhlánú (Bileog Gníomhaíochta 1, leathanach 23).

Nuair a bheidh an bhileog **Athruithe i mo Phobal** líonta isteach acu, d'fhéadfá iarraidh ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:



Cé na saoráidí atá ag an bpobal?

Cé na nithe a theastaíonn ón bpobal nó atá ón bpobal, dar leat?

Cé na nithe a chuirfeadh feabhas ar an bpobal, dar leat?

## Bileog Gnóimhaíochta 1: Athruithe i mo Phobal

[illegible]

## Cad is Daonáireamh ann?

I dtús na gníomhaíochta seo, déan plé ar na heochairfhocail atá i gceist. Inis do na daltaí go mbeidh siad ag foghlaim roinnt focal tábhachtach. Déan plé ar an bhfocal **Daonáireamh** ar dtús. Fiafraigh de na daltaí an eol dóibh an chiall atá leis an bhfocal sin. Inis dóibh go réachtáiltear daonáireamh chun faisnéis a bhailiú faoi gach fear, bean agus leanbh a chónaíonn in Éirinn.

Mínigh do na daltaí go mbíonn daonáireamh ar siúl in Éirinn gach cúig bliana. Fiafraigh díobh an eol dóibh cén uair a rinneadh an daonáireamh ba dhéanaí agus an eol dóibh cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ar siúl.

Mínigh na focail **Daonra** agus **Teaghlach**. Fiafraigh de na daltaí cén fáth a bhfuil sé tábhachtach na focail sin a bheith ar eolas acu.

Inis dóibh go gcuireann na focail sin síos ar na nithe a áirítear i ndaonáireamh. Bailítear faisnéis faoi dhaoine (amhail aois, gnéas agus post) sa daonáireamh freisin. Tugtar **Sonraí** ar an bhfaisnéis sin.



**Daonáireamh**

**Daonra**

**Teaghlach**

**Sonraí**

Tabhair cóip den **Fhoirm/Teimpléad Daonáirimh** (Bileog Gníomhaíochta 2, leathanach 25) do gach dalta. Déan plé ar gach ceist agus mínigh siad dóibh.

Déan na 30 ceann de **Chártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh** (leathanaigh 26 – 30) a fhótachóipeáil agus a ghearradh amach. Tabhair cárta do gach dalta.

Iarr ar gach dalta an fhaisnéis atá tugtha ar a gcárta a léamh. Iarr ar gach dalta ansin an fhaisnéis don phríomhdhuine aonair agus do na daoine eile atá luaite ar a gcárta a líonadh isteach ar an bhFoirm Daonáirimh.

Nuair a bheidh an Fhoirm Daonáirimh comhlánaithe acu, iarr ar gach dalta a bhfaisnéis a líonadh isteach ar mhór-**Bhileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh** (A3) (leathanach 31) óna bhFoirm Daonáirimh.

Oibreofar na Freagraí/na hlomláin amach sa chéad rang eile.

Bailigh Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh ag deireadh an ranga.

### Tabhair faoi Deara

*Is fiú a chur in iúl do na daltaí go gcomhlánófar, i bhfíor-Dhaonáireamh, an fhaisnéis aonair do gach duine aonair sa teaghlach. Ní gá é sin a dhéanamh sa chleachtadh seo ar **Bhaile an Daonáirimh** toisc go mbeidh an toradh ar an gcleachtadh bunaithe ar an achoimre ar an teaghlach.*

Bileog Gníomhaíochta 2:  
Baile an Daonáirimh - Foirm/Teimpléad Daonáirimh

Uimhir tí agus Ainm sráide

Liosta 1	Daoine i LÁTHAIR sa teach ar oíche an daonáirimh		
Duine Uimh.	Scríobh céadainm agus sloinne an duine agus cuir tic sa bhosca cuí ansin		
1	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
2	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
3	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
4	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
5	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
6	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
7	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>

Liosta 2	Daoine AS LÁTHAIR ón teach ar oíche an daonáirimh		
Duine Uimh.	Scríobh céadainm agus sloinne an duine agus cuir tic sa bhosca cuí ansin		
1	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>
2	Duine óg <input type="checkbox"/>	Aosach <input type="checkbox"/>	Duine Scothaosta <input type="checkbox"/>

<p><b>1. Cad is ainm duit?</b> <i>Céadainm agus sloinne</i></p> <div style="border: 1px solid black; height: 20px; width: 100%;"></div> <p><b>2. Gnéas</b> 1 <input type="checkbox"/> Fireann      2 <input type="checkbox"/> Baineann</p> <p><b>3. Cad é do dháta breithe?</b> Lá      Mí      Bliain  <input type="text"/> <input type="text"/>    <input type="text"/> <input type="text"/>    <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p><b>4. Cad í d'áit bhreithe?</b> <i>Tabhair áit chónaithe do mháthair nuair a saolaíodh thú.</i> Más ÉIRE (Tuisceart Éireann san áireamh), an freagra, sonraigh an CONTAE  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p>Más áit eile THAR LEAR é, sonraigh an TÍR  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p><b>5. An bhfuil Gaeilge labhartha agat?</b> 1 <input type="checkbox"/> Tá 2 <input type="checkbox"/> Níl</p>	<p><b>6. An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?</b> 1 <input type="checkbox"/> Labhraíonn 2 <input type="checkbox"/> Ní labhraíonn</p> <p><b>Cén teanga í sin?</b>  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p>Mar shampla, POLAINNIS, GEARMÁINIS, TEANGA CHOMHARTHAIOCHTA NA hÉIREANN</p> <p><b>7. Cén náisiúntacht atá agat?</b> <i>Má tá níos mó ná náisiúntacht amháin agat, luaigh gach ceann díobh</i> 1 <input type="checkbox"/> Éireannach 2 <input type="checkbox"/> NÁISIÚNTAChT eile, sonraigh  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p>3 <input type="checkbox"/> Gan aon náisiúntacht</p> <p><b>8. Cad é do stádas reatha?</b> 1 <input type="checkbox"/> Aonta (nior phós riamh) 2 <input type="checkbox"/> Pósta (an chéad phósadh) 3 <input type="checkbox"/> Athphósta 4 <input type="checkbox"/> I bpáirtnéireacht shibhialta chláraithe chomhghéis 5 <input type="checkbox"/> Idirscartha 6 <input type="checkbox"/> Colscartha 7 <input type="checkbox"/> Baintreach</p>	<p><b>9. Cén creideamh atá agat?</b> 1 <input type="checkbox"/> Caitliceach Rómhánach 2 <input type="checkbox"/> Eaglais na hÉireann 3 <input type="checkbox"/> Ioslamachas 4 <input type="checkbox"/> Preispitéireach 5 <input type="checkbox"/> Ceartchreidmheach 6 <input type="checkbox"/> Eile, sonraigh do CHREIDEAMH  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>  <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/></p> <p>7 <input type="checkbox"/> Níl aon chreideamh</p> <p><b>10. Cén ghnáthchóir thaistil chun oibre, chun scoile nó chun coláiste atá agat?</b> <i>Marcáil aon bhosca amháin, don chuid is faide de do thuras</i> 1 <input type="checkbox"/> Gan a bheith ag obair, ar scoil nó choláiste 2 <input type="checkbox"/> De shiúl na gcos 3 <input type="checkbox"/> Rothar 4 <input type="checkbox"/> Bus, mionbhus nó cóiste 5 <input type="checkbox"/> Traein, DART nó LUAS 6 <input type="checkbox"/> Glaisrothar nó scútar 7 <input type="checkbox"/> Gluaisteán (tiománaí) 8 <input type="checkbox"/> Gluaisteán (paisinéir) 9 <input type="checkbox"/> Veain 10 <input type="checkbox"/> Eile, leoraí san áireamh 11 <input type="checkbox"/> Ag obair sa bhaile nó ón baile</p> <p><b>11. An bhfuil Ríomhaire Pearsanta (RP) agat?</b> 1 <input type="checkbox"/> Tá 2 <input type="checkbox"/> Níl</p> <p><b>12. An bhfuil rochtain agat ar an idirlíon?</b> 1 <input type="checkbox"/> Tá, le Leathanbhanda      3 <input type="checkbox"/> Níl 2 <input type="checkbox"/> Tá, le ceangal eile</p>
---	---	---



## Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Leathanach 1 de 5

**Seoladh:** 1, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Áine Ní Mhurchú

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 21/09/1983 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór

**Aois:** 32 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Bhí timpiste cairr ag Áine trí bliana ó shin agus tá sí ag brath ar chathaoir rotha anois. Cónaíonn sí lena máthair (Mary Uí Mhurchú), atá 71 bhliain d'aois. Oibríonn Áine do bhanc ón mbaile, agus leas á bhaint aici as ríomhaire, as guthán agus as ríomhphost. Is Caitliceach Rómhánach í.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 1

**Seoladh:** 3, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Zlata Dalton

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 08/02/1986 **Áit Bhreithe:** Sairéavó

**Aois:** 30 bliain **Náisiúntacht:** Boisniach

**Faisnéis Eile:**

Phós Zlata Brian Dalton (32 bhliain d'aois) dhá mhí ó shin. Oibríonn sí sa bhanc i mBaile an Daonáirimh agus siúlann sí chun oibre gach lá. Is Ioslamach í. Coinníonn sí i dteagmháil lena teaghlach sa Bhoisnia trí leas a bhaint as Skype agus as ríomhphost óna ríomhaire sa bhaile.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 5, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** David Moucharraf

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 01/01/1991 **Áit Bhreithe:** Karachi

**Aois:** 25 bliana **Náisiúntacht:** Pacastánach

**Faisnéis Eile:**

Tháinig David go hÉirinn as Karachi 7 mbliana ó shin chun staidéar a dhéanamh ar an Míochaine sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cónaíonn sé ina aonar agus téann sé chun oibre gach lá in Ospidéal Réigiúnach an Bhaile Mhóir ar a rothar. Coinníonn sé i dteagmháil lena theaghlach sa Phacastáin trí leas a bhaint as ríomhphost agus as Skype ar a ríomhaire glúine. Is Hiondúch é.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 7, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Kim Healy

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 10/16/2000 **Áit Bhreithe:**

Dún Dorcha

**Aois:** 15 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Rugadh Kim i nDún Dorcha sa bhliain 1995. Cónaíonn sí lena tuismitheoirí (Steve agus Mary, a bhfuil an bheirt acu 40 bliain d'aois), Pete (14) agus Liam (13), a deartháireacha, agus Fergal (70) agus Trish (68), a seantuismitheoirí. Siúlann sí chun scoile ag bun an bhóthair. Bhuaigh sí táibléad le déanaí. Is Modhach í.

**Daoine Óga:** 3 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 2

**Seoladh:** 9, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Julitta Montaine

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 25/12/1977 **Áit Bhreithe:** Vársá

**Aois:** 38 mbliana **Náisiúntacht:** Polannach

**Faisnéis Eile:**

Tá ceathrar leanaí ag Julitta: Paul (9 mbliana d'aois), Sarah (7 mbliana d'aois), Kelly (5 bliana d'aois) agus Ciarán (2 bhliain d'aois). Tá sí pósta le Luke atá 42 bhliain d'aois. Is bean tí lánaimseartha í. Níl ríomhaire aici go fóill. Is Caitliceach Rómhánach í. Labhraíonn sí Polainnis lena leanaí. Is féidir le Luke an teanga a thuiscint agus níl sé in ann í a labhairt go fóill.

**Daoine Óga:** 4 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 11, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Angus Walton

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 16/10/1983 **Áit Bhreithe:**

Dún Éideann

**Aois:** 32 bhliain **Náisiúntacht:** Albanach

**Faisnéis Eile:**

Tháinig Angus go Baile an Daonáirimh ceithre bliana ó shin chun dul i mbun oibre i rannóg teilidhíola Bhanc Dhún Éideann i mBaile an Daonáirimh. Is breá leis ríomhairí agus tá cuid mhór trealamh ardteicneolaíochta aige. Tá gluaisrothar Yamaha 500 aige. Is ball gníomhach den Eaglais Phreispitéireach é.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0

## Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Leathanach 2 de 5

**Seoladh:** 1, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Aisling Hope**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 25/02/2002 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór**Aois:** 14 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:** Cónaíonn Aisling in éineacht le Kate, a máthair (40), i mBaile an Daonáirimh. Maraíodh a hathair cúig bliana ó shin agus é ar dualgas leis na Náisiúin Aontaithe. Tá beirt deirfiúracha aici (Louise, atá 12 bhliain d'aois, agus Casey, atá 10 mbliana d'aois) agus tá deartháir amháin aici (Cathal, atá 8 mbliana d'aois). Is ar an mbus a thaistealaíonn sí chun scoile ar an mBaile Mór. Ba bhreá léi a ríomhaire féin a bheith aici. Is Caitliceach Rómhánach í.

**Daoine Óga:** 4 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 2, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Kelly Ann O'Callaghan**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 03/11/1990 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór**Aois:** 25 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Tháinig Kelly Ann go Baile an Daonáirimh as an mBaile Mór le déanaí chun teagasc sa bhunscoil. Tiomáineann sí a gluaisteán nua spóirt chun scoile. Is ball gníomhach de chór na hEaglaise Caitlicí áitiúla í.

Tá Gaeilge líofa aici.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 3, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** David Ó Catháin**Gnéas:** Fireann**Dáta Breithe:** 23/08/1938 **Áit Bhreithe:** An Baile Beag**Aois:** 77 mbliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Bhog David go Baile an Daonáirimh le déanaí chun cónaí le Martina (40), a iníon. Fuair a bhean chéile (Olive) bás anuraidh. Cé go raibh uaigneas air, rinne sé iarracht cónaí leis féin. Gortaíodh é go dona nuair a thit sé ocht mí ó shin agus chinn sé ansin teacht go Baile an Daonáirimh. Is ball d'Eaglais na hÉireann é.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 1**Seoladh:** 4, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Shirley Whittaker**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 30/06/1991 **Áit Bhreithe:** Pomeroy**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Briotanach**Faisnéis Eile:**

Is as Pomeroy i gCo. Thír Eoghain do Shirley. Siúlann sí chun oibre sa leabharlann i mBaile an Daonáirimh, áit ar casadh Seán (30 bliain d'aois), a páirtneir, uirthi. Bhog sí isteach le Seán dhá bhliain ó shin. Is Preispitéireach í. Goideadh a ríomhaire glúine an mhí seo caite. Tá sí ag sábháil airgid anois chun ceann nua a cheannach.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 5, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Ellen O'Connor**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 17/02/1976 **Áit Bhreithe:** Baile na Nicile**Aois:** 40 bliain **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Is le Ellen an siopa nuachtán agus siúlann sí chun oibre gach lá. Tá sí ina cónaí i mBaile an Daonáirimh le 15 bliana anuas. D'fhág a fear céile í ceithre bliana ó shin agus bhog sé go Meiriceá. Tá Ellen ina ball an-ghníomhach de gach gné den phobal. Tá sí ina stiúrthóir ar an gcór san Eaglais Chaitliceach. Tá ríomhaire pearsanta aici.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 6, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Lorcan O'Sullivan**Gnéas:** Fireann**Dáta Breithe:** 13/12/1998 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha**Aois:** 17 mbliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Lorcan le Jackie (42), a mháthair, Fergal (44), a athair, agus a leathchúpla deirfiúr (Lisa). Cónaíonn Fergus (71), a seanathair, in éineacht leo. Tá Lorcan go han-mhaith ag dearadh Gréasáin agus dhear sé suíomh Gréasáin Bhaile an Daonáirimh le déanaí. Téann sé chun scoile sa Bhaile Mór ar an mbus. Níl aon suim aige sa chreideamh.

**Daoine Óga:** 2 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 1

## Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Leathanach 3 de 5

**Seoladh:** 7, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Frank Mullins

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 06/05/1987 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh

**Aois:** 28 mbliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:** Cé go bhfuil Frank dall, bíonn saol an-ghníomhach aige. Is é an tOifigeach Pearsanra i bhFaisean Daonáirimh, monarcha éadaí an bhaile. Cónaíonn sé le Aideen (27), a bhean chéile, agus an triúr leanaí atá acu - Jane (3), Paul (2) agus Kelly (1). Tugann Aideen cuairt ar Frank ag an obair beagnach gach lá. Is minic a oibríonn sé ar a ríomhaire glúine san oíche sa bhaile. Is Caitliceach Rómhánach é.

**Daoine Óga:** 3 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 9, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Alison Munn

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 12/01/1994 **Áit Bhreithe:** An Baile Gar

**Aois:** 22 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Bhog Alison go Baile an Daonáirimh 3 bliana ó shin. Oibríonn sí sa mhonarcha ríomhairí sa Bhaile Mór agus téann sí chuici ar a móipéid gach lá. Coinníonn sí i dteagmháil lena deartháir san Astráil trí ríomhphost óna ríomhaire nua sa bhaile. Is Caitliceach Rómhánach í.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 11, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Naomi Wong

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 11/03/2000 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór

**Aois:** 16 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Naomi le Fiona (42), a máthair, Ray (44), a athair, April, a leathchúpla deirféar, agus a deartháireacha: Shay (atá 13 bliana d'aois), Mike (atá 11 bhliain d'aois) agus Ian (atá 7 mbliana d'aois). Siúlann sí chun scoile. Tá sí an-mhaith ag ríomhairí. Is ball d'Eaglais na hÉireann í.

**Daoine Óga:** 5 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 1, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Lori Davis

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 17/07/1972 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór

**Aois:** 43 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Bhog Lori go Baile an Daonáirimh le Liam, a fear céile (atá 45 bliana d'aois). Tá triúr leanaí acu: beirt iníonacha (Suzanne, atá 18 mbliana d'aois, agus Anne Marie, atá 12 bhliain d'aois) agus mac amháin (Cormac, atá 15 bliana d'aois).

Siúlann Lori chun oibre i Halla an Bhaile. Seinneann sí an t-orgán in Eaglais na hÉireann.

**Daoine Óga:** 3 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 2, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Anwar Rabbani

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 06/05/1982 **Áit Bhreithe:** Cabúl

**Aois:** 28 mbliana **Náisiúntacht:** Afganastánach

**Faisnéis Eile:**

Chaill Anwar cos de bharr mianach talún. Cónaíonn sé le Jennifer (27), a bhean chéile Éireannach, agus an triúr leanaí atá acu (Paul, atá 6 bliana d'aois, Miriam, atá 4 bliana d'aois, agus Rory, atá 2 bhliain d'aois). Tiomáineann sé chun oibre in Ollscoil an Bhaile Mhóir. Coinníonn sé ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sa bhaile trína ríomhaire pearsanta. Is Ioslamach é.

**Daoine Óga:** 3 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 3, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Luigi Balducci

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 15/01/1981 **Áit Bhreithe:** Turin

**Aois:** 30 bliain **Náisiúntacht:** Iodálach

**Faisnéis Eile:**

Reáchtálann Luigi an bhialann Iodálach sa Bhaile Mór. Cónaíonn sé le Maria (31), a bhean chéile, agus Paulo (11), a mac. Cónaíonn Rosa (atá 70 bliain d'aois), máthair Maria, in éineacht leo anois. Is baill an-ghníomhach den Eaglais Chaitliceach iad. Tá suim mhór ag Luigi i dteangacha. Cé go labhraíonn siad Iodáilis sa bhaile, is féidir leis an Ghaeilge a labhairt freisin. Tá ríomhaire aige. Tiomáineann sé chun oibre.

**Daoine Óga:** 1 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 1

## Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Leathanach 4 de 5

**Seoladh:** 4, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Seán Patterson**Gnéas:** Fireann**Dáta Breithe:** 28/02/1992 **Áit Bhreithe:** An tIúr**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Cheannaigh Seán agus Melanie, a chailín (atá 27 mbliana d'aois), teach i mBaile an Daonáirimh le déanaí. Tá an bheirt acu ina mball den Gharda Síochána agus tiomáineann siad chuig an stáisiún sa Bhaile Beag. Tá Gaeilge ag Seán. Tá ríomhaire pearsanta aige. Is ball gníomhach den Eaglais Chaitliceach é.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 5, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Asta Salamov**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 16/10/1982 **Áit Bhreithe:** Kaunas**Aois:** 33 bliana **Náisiúntacht:** Liotuánach**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Asta le Max, a páirtneir (atá 35 bliana d'aois), agus an bheirt leanaí atá acu (Lena, atá 10 mbliana d'aois, agus Vigo, atá 7 mbliana d'aois). Cónaíonn tuismitheoirí Asta (Sascha (75) agus Irena (71)) in éineacht leo in árasán muintire. Oibríonn Asta go lánaimseartha sa bhaile. Ba bhreá leis na leanaí ríomhaire pearsanta a bheith acu. Níl aon chreideamh ag an teaghlach.

**Daoine Óga:** 2 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 2**Seoladh:** 6, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Des Ward**Gnéas:** Fireann**Dáta Breithe:** 23/10/1944 **Áit Bhreithe:** An Baile Beag**Aois:** 71 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Des le Martha, a bhean chéile (atá 74 bliana d'aois). Is caomhnóirí leanaí a mic iad (Sarah, atá 17 mbliana d'aois, agus Michael, atá 14 bliana d'aois). Maraíodh James, a mac, agus a bhean chéile i dtimpiste bhóthair 5 bliana ó shin. Tá Michael ag teagasc do Des conas an ríomhaire a úsáid. Níl aon chreideamh acu.

**Daoine Óga:** 2 **Aosaigh:** 0 **Daoine Scothaosta:** 2**Seoladh:** 8, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Sarah Kelly**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 26/06/1939 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh**Aois:** 76 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Sarah léi féin. Fuair Jack, a fear céile, bás dhá mhí ó shin. Cóiríonn sí na bláthanna san Eaglais Chaitliceach. Coinníonn sí i dteagmháil lena mac (John, i Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus a hiníon (Ailish, san Astráil) trí ríomhphost. Chomh maith leis sin, tá sí ina Cathaoirleach ar an ngrúpa áitiúil de Ghlór na nGael.

**Daoine Óga:** 3 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 0**Seoladh:** 10, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Hannah MacMurtagh**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 11/05/1943 **Áit Bhreithe:** An Baile Gar**Aois:** 72 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Hannah lena mac (Malcolm, atá 45 bliana d'aois) agus a hiníon (Aileen, atá 42 bhliain d'aois). Rugadh Jimmy, fear céile Hannah, i mBaile an Daonáirimh. Bhog siad go Baile an Daonáirimh nuair a bhí Malcolm agus Aileen óg. Fuair Jimmy bás 7 mbliana ó shin. Níl aon chreideamh acu.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 1**Seoladh:** 12, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh**Ainm:** Amy Behan**Gnéas:** Baineann**Dáta Breithe:** 19/11/1987 **Áit Bhreithe:** An Baile Mór**Aois:** 28 mbliana **Náisiúntacht:** Éireannach**Faisnéis Eile:**

Bhog Amy go Baile an Daonáirimh le Finian, a fear céile (atá 31 bhliain d'aois). Chaill Amy géag de bharr timpiste ar an bhfeirm. Teagascann Amy sa bhunscoil sa Bhaile Mór agus tiomáineann sí chuici gach lá. Coinníonn sí i dteagmháil le Sarah, cara dá cuid atá ina cónaí in Hong Cong, trí ríomhphost. Is Caitliceach Rómhánach í.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

## Cártaí Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Leathanach 5 de 5

**Seoladh:** 14, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Peter Maguire

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 08/08/2000 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh

**Aois:** 15 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Peter le Rosemary (atá 39 mbliana d'aois) agus Diarmaid (atá 40 bliain d'aois), a thuismitheoirí. Téann sí chuig an ngaelscoil sa Bhaile Mór ar an rothar. Labhraíonn siad Béarla agus Gaeilge araon sa bhaile. Caitheann Peter a am saor ar fad ar an ríomhaire agus tá cuid mhór trealaimh aige. Is Caitliceach Rómhánach é.

**Daoine Óga:** 1 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 2, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Pierre Greene

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 27/01/1992 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh

**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Pierre i mBaile an Daonáirimh le Pamela, a chailín (atá 21 bhliain d'aois). Oibríonn an bheirt acu sa mhonarcha ríomhairí sa Bhaile Mór agus tiomáineann siad le chéile chun oibre gach lá. Tá ríomhaire pearsanta acu agus tá siad araon gníomhach sa phobal Giúdach.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 4, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Gerry Higgins

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 12/02/1985 **Áit Bhreithe:** An Baile Beag

**Aois:** 31 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Tá Gerry ag brath ar chathaoir rothaí ó bhí sé ina leanbh. Cónaíonn sé i mBaile an Daonáirimh le Pamela, a bhean chéile (atá 25 bliana d'aois). Is scríbhneoir breá scéalta agus dánta é Gerry agus tá roinnt acu foilsithe. Tiomáineann sé gluaisteán atá bunathraithe go speisialta. D'aireodh sé cailte gan a ríomhaire Imríonn an bheirt acu ról gníomhach san Eaglais Chaitliceach.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 6, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Cormac Breslin

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 16/10/1993 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha

**Aois:** 22 bhliain **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Cormac le Belinda, a bhean chéile (atá 24 bliana d'aois). Is meicneoir é agus oibríonn sé sa stáisiún peitрил áitiúil. Téann sé chun oibre ar an rothar beagnach gach lá. Tá sé líofa i nGaeilge agus glacann sé ról gníomhach i bpolaitíocht áitiúil. Tá súil aige go bhfaighidh sé a ríomhaire féin roimh i bhfad - bheadh sé an-úsáideach agus na cuntais á ndéanamh. Is Caitliceach Rómhánach é.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 2 **Daoine Scothaosta:** 0

**Seoladh:** 8, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Olivia Stephenson

**Gnéas:** Baineann

**Dáta Breithe:** 16/08/1932 **Áit Bhreithe:** An Baile Beag

**Aois:** 83 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Tá Olivia ina cónaí ina haonar i mBaile an Daonáirimh le 20 bliain anuas ón uair a fuair Séamus, a fear céile, bás. Bhí sé i bhfad ní ba shine ná í. Glacann sí páirt ghníomhach i ngach rud a tharlaíonn i Nuachtlitir Bhaile an Daonáirimh ar a ríomhaire.

**Daoine Óga:** 0 **Aosaigh:** 0 **Daoine Scothaosta:** 1

**Seoladh:** 10, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh

**Ainm:** Keith Morrison

**Gnéas:** Fireann

**Dáta Breithe:** 07/02/1989 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh

**Aois:** 27 mbliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Faisnéis Eile:**

Cónaíonn Keith leis an mbeirt leanaí atá aige (Mandy, atá 4 bliana d'aois, agus Caroline, atá 2 bhliain d'aois). Téann Keith chun oibre ar a ghluaisrothar. Oibríonn sé san oifig phoist sa Bhaile Beag. Tá coimeádaí tí darb ainm Mary (atá 66 bliana d'aois) aige. Cónaíonn sí leis agus tugann sí aire do na leanaí. Is duine Giúdach é. Tá sé ag smaoineamh ar ríomhaire nua a cheannach mar gur bhris Caroline an ceann deireanach a bhí aige.

**Daoine Óga:** 2 **Aosaigh:** 1 **Daoine Scothaosta:** 1

## Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh

Seoladh Tí	Daoine Óga	Aosaigh	Daoine Scothaosta	Iomlán i ngach teach
1, Sráid na Darach				
3, Sráid na Darach				
5, Sráid na Darach				
7, Sráid na Darach				
9, Sráid na Darach				
11, Sráid na Darach				
1, Ascaill an Chaorthainn				
2, Ascaill an Chaorthainn				
3, Ascaill an Chaorthainn				
4, Ascaill an Chaorthainn				
5, Ascaill an Chaorthainn				
6, Ascaill an Chaorthainn				
7, Ascaill an Chaorthainn				
9, Ascaill an Chaorthainn				
11, Ascaill an Chaorthainn				
1, Sráid na Fuinseoige				
2, Sráid na Fuinseoige				
3, Sráid na Fuinseoige				
4, Sráid na Fuinseoige				
5, Sráid na Fuinseoige				
6, Sráid na Fuinseoige				
8, Sráid na Fuinseoige				
10, Sráid na Fuinseoige				
12, Sráid na Fuinseoige				
14, Sráid na Fuinseoige				
2, Bóthar na Feá				
4, Bóthar na Feá				
6, Bóthar na Feá				
8, Bóthar na Feá				
10, Bóthar na Feá				
<b>Líon Iomlán na nDaoine de réir Aoise</b>				
				<b>Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal</b>

## Ceacht 5: Baile an Daonáirimh a Fhorbairt

### Baile an Daonáirimh a Fhorbairt

Tabhair **Léarscáil Bhaile an Daonáirimh** (leathanach 34) do na daltaí. Pléigh an léarscáil leis na daltaí ionas nach mbeidh aon mhearbhall ann faoi na cruthanna difriúla agus faoin gciall atá leo.

Cuir an scéal seo a leanas i láthair na ndaltaí:

*Ba mhaith le Méara Bhaile an Daonáirimh páirc pobail nua a chruthú sa spás folamh i lár Bhaile an Daonáirimh. Bheadh an páirc pobail sin ar fáil lena húsáid ag daoine sa cheantar. Tá fadhb ag an Méara. Ní eol dó go díreach cá mhéad duine óg, aosach agus duine scothaosta a chónaíonn sa cheantar faoi láthair mar nach ndearnadh daonáireamh le 5 bliana anuas. Má tá níos mó ná leath an daonra comhdhéanta de dhaoine óga agus de dhaoine scothaosta, molfaidh sé an páirc pobail a bhunú. Má tá níos mó ná leath an daonra comhdhéanta d'aosaigh, áfach, molfaidh sé ionad siopadóireachta beag a thógáil.*



Bain úsáid as **Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh** (a comhlánaíodh sa rang roimhe) chun an fhaisnéis a theastaíonn ón Méara a thabhairt dó. Is gá an fhaisnéis a leagan amach mar iomlán.

Tabhair do gach dalta cóip de **Bhileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Comhlánaithe go Páirteach** (atá ar fáil ar leathanach 35).

Iarr ar na daltaí líon iomlán na ndaoine i ngach teach a oibriú amach tríd an bhfigiúr i ngach ról a shuimiú le chéile. Iarr orthu daonra iomlán Bhaile an Daonáirimh a oibriú amach ansin trí na figiúirí atá sa cholún dar teideal Líon Iomlán na nDaoine i nGach Teach a shuimiú le chéile. (Freagra: 94 dhuine).

Iarr ar na daltaí na hiomláin do gach ceann de na colúin seo a leanas a ríomh ansin: Daoine Óga, Aosaigh agus Daoine Scothaosta. (Freagraí: 35 dhuine, 45 dhuine agus 14 dhuine).

Tá **Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh** comhlánaithe go hiomlán anois. Iarr ar na daltaí a ríomhanna a chros-seiceáil ansin trí iomlán na dtrí cholún a shuimiú le chéile. Ba cheart an tsuim sin a bheith comhionann leis an bhfigiúr do líon iomlán na ndaoine sa phobal.

Fiafraigh de na daltaí cén ceann de na hiomláin a fhreagróidh ceist an Mhéara. Conas a oibreoidh siad an freagra amach don Mhéara?

Ní gá do na daltaí ach úsáid a bhaint as na figiúirí atá sna colúin atá marcáilte Daoine Óga (35 dhuine) agus Daoine Scothaosta (14 dhuine) agus Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal (94 dhuine). An bhfuil líon na nDaoine Óga móide líon na nDaoine Scothaosta níos mó ná leath amháin de Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal, nó an bhfuil sé comhionann leis? Nó, an bhfuil an figiúr a thagann as  $35 + 14$  níos mó ná an figiúr a thagann as 94 roinnte ar a 2, nó an bhfuil sé comhionann leis?

$$35 + 14 = 49 \quad 90 \div 2 = 45$$

Ós rud é go bhfuil 49 níos mó ná 45, is féidir leis an Méara páirc pobail a thógáil i lár Bhaile an Daonáirimh anois [Tá an fhoirm chomhlánaithe ar fáil ar leathanach 36].



## Baile an Daonáirimh a Fhorbairt – An Mhalairt

Inis do na daltaí go mbeidh siad ag foghlaim faoi cad a tharlaíonn nuair nach n-áirítear daoine áirithe. Ní bheidh an fhaisnéis Daonáirimh comhlánaithe an babhta seo.

Iarr ar na daltaí líne a chur trí na tithe seo a leanas ar a léarscáileanna de Bhaile an Daonáirimh:

9, Sráid na Darach

11, Ascaill an Chaorthainn

6, Sráid na Fuinseoige

10, Bóthar na Feá

Níor chomhlánaigh na daoine sna tithe sin an Fhoirm Daonáirimh. Níor shíl na daoine ar Shráid na Darach agus ar Ascaill an Chaorthainn go raibh ceanglas orthu na foirmeacha a líonadh isteach. Bhí na daoine ar Shráid na Fuinseoige ar shiúl le mí agus dhiúltaigh na daoine ar Bhóthar na Feá an fhoirm a fhilleadh ar ais. Ós rud é gur fágadh roinnt daoine ar lár ón daonáireamh, tá athrú tagtha ar líon na ndaoine sa phobal.

Tabhair do na daltaí ***Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh – Malairt atá Comhlánaithe go Páirteach*** (leathanach 37). Iarr orthu na hiomláin a shuimiú le chéile arís chun an t-athrú ar an bhfaisnéis a fheiceáil. Fiafraigh díobh an athróidh na hathruithe sin cinneadh an Mhéara. Is iad seo a leanas na figiúirí nua:

Daoine Óga: 22

Aosaigh: 40

Daoine Scothaosta: 11

Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal: 73 dhuine



[Tá an fhoirm chomhlánaithe ar fáil ar leathanach 38]

Is é an cheist atá le cur anois ná:


An bhfuil an figiúr a thagann as  $22 + 11$  níos mó ná 36.5? NÍL. Ós rud é nár áiríodh daoine áirithe sa daonáireamh, tógfaidh an Méara ionad siopadóireachta beag in ionad páirc pobail, cé go dtarlaíonn sé gurb í páirc pobail an rud atá ag teastáil.

Déan plé leis na daltaí ar an dóigh a ndeachaigh an cinneadh ó roinnt daoine gan an daonáireamh a chomhlánú i bhfeidhm ar an bpobal ar fad. Cén dóigh a rachadh sé sin i bhfeidhm ar do phobal?

# Learscáil Bhaile an Daonáirimh






## Bóthar na Feá



Sráid na Darach

Sráid na Fuinseoige

## Ascaill an Chaorthainn



## Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonairimh - Comhlánaithe go Páirteach

Seoladh Tí	Daoine Óga	Aosaigh	Daoine Scothaosta	Iomlán i ngach teach
1, Sráid na Darach	0	1	1	
3, Sráid na Darach	0	2	0	
5, Sráid na Darach	0	1	0	
7, Sráid na Darach	3	2	2	
9, Sráid na Darach	4	2	0	
11, Sráid na Darach	0	1	0	
1, Ascaill an Chaorthainn	4	1	0	
2, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
3, Ascaill an Chaorthainn	0	1	1	
4, Ascaill an Chaorthainn	0	2	0	
5, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
6, Ascaill an Chaorthainn	2	2	1	
7, Ascaill an Chaorthainn	3	2	0	
9, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
11, Ascaill an Chaorthainn	5	2	0	
1, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	
2, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	
3, Sráid na Fuinseoige	1	2	1	
4, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	
5, Sráid na Fuinseoige	2	2	2	
6, Sráid na Fuinseoige	2	0	2	
8, Sráid na Fuinseoige	0	0	1	
10, Sráid na Fuinseoige	0	2	1	
12, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	
14, Sráid na Fuinseoige	1	2	0	
2, Bóthar na Feá	0	2	0	
4, Bóthar na Feá	0	2	0	
6, Bóthar na Feá	0	2	0	
8, Bóthar na Feá	0	0	1	
10, Bóthar na Feá	2	1	1	
<b>Líon Iomlán na nDaoine de réir Aoise</b>				
				<b>Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal</b>

## Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh - Freagraí

Seoladh Tí	Daoine Óga	Aosaigh	Daoine Scothaosta	Iomlán i ngach teach
1, Sráid na Darach	0	1	1	2
3, Sráid na Darach	0	2	0	2
5, Sráid na Darach	0	1	0	1
7, Sráid na Darach	3	2	2	7
9, Sráid na Darach	4	2	0	6
11, Sráid na Darach	0	1	0	1
1, Ascaill an Chaorthainn	4	1	0	5
2, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
3, Ascaill an Chaorthainn	0	1	1	2
4, Ascaill an Chaorthainn	0	2	0	2
5, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
6, Ascaill an Chaorthainn	2	2	1	5
7, Ascaill an Chaorthainn	3	2	0	5
9, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
11, Ascaill an Chaorthainn	5	2	0	7
1, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	5
2, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	5
3, Sráid na Fuinseoige	1	2	1	4
4, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	2
5, Sráid na Fuinseoige	2	2	2	6
6, Sráid na Fuinseoige	2	0	2	4
8, Sráid na Fuinseoige	0	0	1	1
10, Sráid na Fuinseoige	0	2	1	3
12, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	2
14, Sráid na Fuinseoige	1	2	0	3
2, Bóthar na Feá	0	2	0	2
4, Bóthar na Feá	0	2	0	2
6, Bóthar na Feá	0	2	0	2
8, Bóthar na Feá	0	0	1	1
10, Bóthar na Feá	2	1	1	4
<b>Líon iomlán na nDaoine de réir Aoise</b>	<b>35</b>	<b>45</b>	<b>14</b>	<b>94</b>
				<b>Líon iomlán na nDaoine sa Phobal</b>

## Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhilae an Daonáirimh - Malairt atá Comhlánaithe go Páirteach

Seoladh Tí	Daoine Óga	Aosaigh	Daoine Scothaosta	Iomlán i ngach teach
1, Sráid na Darach	0	1	1	
3, Sráid na Darach	0	2	0	
5, Sráid na Darach	0	1	0	
7, Sráid na Darach	3	2	2	
11, Sráid na Darach	0	1	0	
1, Ascaill an Chaorthainn	4	1	0	
2, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
3, Ascaill an Chaorthainn	0	1	1	
4, Ascaill an Chaorthainn	0	2	0	
5, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
6, Ascaill an Chaorthainn	2	2	1	
7, Ascaill an Chaorthainn	3	2	0	
9, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	
1, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	
2, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	
3, Sráid na Fuinseoige	1	2	1	
4, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	
5, Sráid na Fuinseoige	2	2	2	
8, Sráid na Fuinseoige	0	0	1	
10, Sráid na Fuinseoige	0	2	1	
12, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	
14, Sráid na Fuinseoige	1	2	0	
2, Bóthar na Feá	0	2	0	
4, Bóthar na Feá	0	2	0	
6, Bóthar na Feá	0	2	0	
8, Bóthar na Feá	0	0	1	
<b>Líon Iomlán na nDaoine de réir Aoise</b>				
				<b>Líon Iomlán na nDaoine sa Phobal</b>


## Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonairimh - Malairt Chomhlánaithe

Seoladh Tí	Daoine Óga	Aosaigh	Daoine Scothaosta	Iomlán i ngach teach
1, Sráid na Darach	0	1	1	2
3, Sráid na Darach	0	2	0	2
5, Sráid na Darach	0	1	0	1
7, Sráid na Darach	3	2	2	7
11, Sráid na Darach	0	1	0	1
1, Ascaill an Chaorthainn	4	1	0	5
2, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
3, Ascaill an Chaorthainn	0	1	1	2
4, Ascaill an Chaorthainn	0	2	0	2
5, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
6, Ascaill an Chaorthainn	2	2	1	5
7, Ascaill an Chaorthainn	3	2	0	5
9, Ascaill an Chaorthainn	0	1	0	1
1, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	5
2, Sráid na Fuinseoige	3	2	0	5
3, Sráid na Fuinseoige	1	2	1	4
4, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	2
5, Sráid na Fuinseoige	2	2	2	6
8, Sráid na Fuinseoige	0	0	1	1
10, Sráid na Fuinseoige	0	2	1	3
12, Sráid na Fuinseoige	0	2	0	2
14, Sráid na Fuinseoige	1	2	0	3
2, Bóthar na Feá	0	2	0	2
4, Bóthar na Feá	0	2	0	2
6, Bóthar na Feá	0	2	0	2
8, Bóthar na Feá	0	0	1	1
<b>Líon iomlán na nDaoine de réir Aoise</b>	<b>22</b>	<b>40</b>	<b>11</b>	<b>73</b>
				<b>Líon iomlán na nDaoine sa Phobal</b>

## Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS) agus Léarscáil Daonra i gCeantair Bheaga (SAPMAP)

Féachfaidh do dhaltáí ar bhaile ficseanúil, Baile an Daonáirimh, d'fhonn a fheiceáil cad a tharlaíonn le linn Daonáirimh agus conas a bhaintear úsáid chun críocha pleanála agus forbartha as na sonraí a bailíodh.

Agus úsáid á baint as SAPS agus as SAPMAP, is féidir leat faisnéis a fháil faoi na staitisticí iarbhrí do do chontae/bhaile/cheantar áitiúil ón daonáireamh is déanaí. Lean an nasc <http://census.cso.ie/sapmap/>, cliceáil ar do chontae nó ar do bhaile agus aimsigh cuid mhór sonraí spéisiúla. Tá an chuma seo a leanas ar an leathanach baile.



**Tabhair faoi deara:** Is féidir treoir an-úsáideach maidir leis an bhfeidhmchlár SAPMAP a úsáid a fháil ag <http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/saps2011files/Guide,to,using,SAPMAP,12.pdf>



## Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS) agus

## Léarscáil Daonra i gCeantair Bheaga (SAPMAP)

### BILEOG OIBRE


Agus úsáid á baint as an SAPMAP don Daonáireamh is déanaí ar do chontae/bhaile, faigh na freagraí ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é an daonra atá i do chontae/bhaile?
2. Cá mhéad duine aonta os cionn 15 bliana d'aois atá ann i do chontae/bhaile?
3. Cá mhéad teach príobháideach atá ann i do chontae/bhaile?
4. Cá mhéad duine nach Éireannach iad atá ann i do chontae/bhaile? Tabhair an freagra mar chéatadán.
5. Cá mhéad duine a bhfuil Gaeilge acu atá ann i do chontae/bhaile?
6. Cé na bealaí is coitianta i do cheantar chun taisteal chun oibre? Cén céatadán de dhaoine a bhaineann úsáid as an modh iompair sin?
7. Cá fhad a thógann an gnáth-thuras i do cheantar?
8. Cá mhéad duine faoi mhíchumas atá ann i do cheantar?
9. Cén céatadán de dhaoine i do cheantar a chónaíonn in árasán nó i seomra suí/leapa?
10. I do chontae/bhaile, cén céatadán de theaghlaigh a bhfuil ceangal leathanbhanda acu?
11. Cá mhéad duine i do cheantar a oibríonn san earnáil talmhaíochta, foraoiseachta nó iascaireachta?
12. Cén céatadán de dhaoine i do chontae/bhaile a luaigh go bhfuil a sláinte go han-mhaith/go maith?
13. Cá mhéad buachaill atá 14 bliana d'aois atá ann i do chontae/bhaile?
14. Cá mhéad cailín atá 14 bliana d'aois atá ann i do chontae/bhaile?
15. Cá mhéad duine as an bPolainn a chónaíonn i do chontae/bhaile?
16. Cá mhéad duine as an Ríocht Aontaithe a chónaíonn i do cheantar?
17. Cá mhéad teaghlach ina bhfuil ceathrar nó níos mó atá ann i do cheantar? (Bí cúramach leis an gceist seo!)
18. Cá mhéad teach príobháideach a bhfuil téamh lárnach olabhreoslaithe acu atá ann i do cheantar?
19. Cá mhéad duine (atá 5 bliana d'aois nó níos sine) a thaistealaíonn chun oibre/scoile/coláiste de shiúl na gcós? I ngluaisteán? (Bí cúramach anseo freisin!)
20. Cén céatadán den daonra i do cheantar a bhfuil rochtain Idirlín acu? (Beidh ort an ceann sin a oibriú amach!)

#### Tabhair faoi Deara

Is féidir na freagraí ar gach ceann de na Ceisteanna sin a fháil tríd an nasc seo a leanas <http://census.cso.ie/sapmap/> a leanúint agus trí chliceáil ar do chontae/bhaile féin.

## Cartún Daonáirimh



www.cartoonstock.com

# Cartún Daonáirimh agus Cás-Staidéir ón bhFíor-Shaol

## Cartún Daonáirimh

Féach ar an gcartún Daonáirimh ar leathanach 41. Tá an tÁiritheoir Daonáirimh ag tabhairt cuairt ar thithe ina cheantar chun a chinntiú go bhfuil Foirm Daonáirimh ag gach teaghlach d'Oíche an Daonáirimh.

- 1) Cad é príomhtheachtaireacht an chartúin seo, dar leat?
- 2) Cén fáth, dar leat, a ndéir an tÁiritheoir Daonáirimh, “Ba mhaith liom go mbeidís ar fad chomh héasca leis seo”?
- 3) Cad is féidir linn, mar dhaltaí, a dhéanamh chun cabhrú le Daonáireamh 2016 a reáchtáil chomh réidh agus is féidir?
- 4) Cad is féidir le daoine inár bpobal a dhéanamh chun go n-éireoidh go geal le Daonáireamh 2016?
- 5) Cruthaigh mana do Dhaonáireamh 2016 a spreagfaí gach saoránach a bhFoirm Daonáirimh a chomhlánú ar Oíche an Daonáirimh.

## Cás-Staidéir ón bhFíor-Shaol

Léigh na trí Chás-Staidéir anseo agus faigh amach cé chomh húsáideach a bhíonn na staitisticí/sonraí a thagann as an Daonáireamh maidir le pleanáil agus forbairt.

An féidir leat smaoineamh faoi aon chinntí atá á ndéanamh i do phobal faoi láthair agus a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as sonraí Daonáirimh?

### (1) Forbairt an Luais

*“Ar smaoinigh tú riamh faoi conas a chinnimid na pointí tosaigh agus deiridh do línte Luais agus do línte Meitreo amach anseo? Is é an Daonáireamh a luaitear ar dtús i gcónaí nuair a bhíonn an cheist sin á freagairt. Insítear sna sonraí sin dúinn dlús daonra na gceantar éagsúil faoi láthair agus dlús daonra na gceantar amach anseo. Insítear sna sonraí dúinn freisin, mar shampla, cá mbíonn daoine ag taisteal chun críocha oibre agus oideachais.”*

*I mbeagán focal, insítear sna sonraí dúinn cá bhfuil daoine agus cár mhaith leo dul. A bhui le Daonáireamh 2011, cabhraíodh linn tuilleadh daoine a spreagadh iompar poiblí a úsáid trí sheirbhís níos fearr Luais agus Meitreo a chur ar fáil toisc go rabhamar in ann an tionchar a bhí againn ar chinntí aistir na ndaoine thar na blianta a fheiceáil.”*



**‘Cabhraíonn an Daonáireamh linn  
Línte Luais a phleanáil’**

**- David King, Bainisteoir Pleanála**



## Cás-Staidéir ón bhFíor-Shaol

### (2) Meánscoil Dhomhnach Bat



**‘Chabhraigh an Daonáireamh linn ár gcéad mheánscoil riamh a fháil’ - Valerie Henderson, Feachtas Scoil Dara**

*“Ní raibh aon mheánscoil i nDomhnach Bat go dtí an bhliain 2008. Bhíodh gach dalta meánscoile sa cheantar ag taisteal ó Bhaile Brigín go Droichead na Dothra i ngluaisteán, ar an mbus nó ar an traein.*

*Ag cur a gcáis i láthair an Aire Oideachais dó, theastaigh ó thionscadal mheánscoil Dhomhnach Bat mionstaitisticí fóna a thabhairt. Agus leas á bhaint aige as faisnéis Daonáirimh a chuir an Mol Sonraí i bhForbairt Fhine Gall ar fáil, bhí an grúpa in ann na mionstaitisticí a bhí ag teastáil a chur ar fáil don Aire agus don Roinn Oideachais. Rud tábhachtach, tugadh na figiúirí le haghaidh an daonra áitiúil mar aon le haoisghrúpaí iarbhair agus réamh-mheasta le haghaidh na mblianta romhainn sna sonraí.*

*Osclaíodh an chéad Mheánscoil i nDomhnach Bat riamh sa bhliain 2008 agus bhog sí dá foirgneamh buan sa bhliain 2011.*

*Dúirt Bob Dowling, Cathaoirleach an ghrúpa: “táthar in amhras go n-éireodh lenár n-iarratas mura bhfuarthas an mhionfhaisnéis daonáirimh agus cabhair ón mol sonraí i bhForbairt Fhine Gall.”*

### (3) Comhairle Contae Chill Mhantáin

*“Is é is Buala Bus ann ná tionscnamh iontach nuálach tacaíochta do theaghlaigh lena ndírítear ar cheantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta.*

*Go príomha, tugann an bus deiseanna súgartha do leanaí óga agus, ar a bharr sin, déanann sé seirbhísí oideachas aosach agus tacaíochta do theaghlaigh a tháirgeadh do thuismitheoirí leanaí óga.*

*Cuireadh ar ár gcumas leis an bhfaisnéis daonáirimh sainaithint a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil líon suntasach daoine óga; ar líon na ndaoine a d’fhág an scolaíocht go luath; ar líon na ndaoine atá dífhostaithe agus ar líon na ndaoine nach leosan a dteach féin.*

*Dá bhrí sin, tá bealach ag Buala Bus timpeall na láithreacha is mó gá agus timpeall na gceantar nach bhfuil ach rochtain an-teoranta acu ar sheirbhísí.”*



**‘Chabhraigh an Daonáireamh linn Buala Bus a thabhairt chuig pobal Chill Mhantáin’ - Garvan Hickey, Forbairt Pobail, Comhairle Contae Chill Mhantáin**





Ceachtanna 06, 07 agus 08 An Tionscadal Gníomhaíochta  
um Ullmhú do Sheachtain an Daonáirimh



## An Tionscadal Gníomhaíochta um Pleanáil le haghaidh Daonáirimh

Ós rud é go bhfuil do dhaltáí ar an eolas faoina bhfuil i gceist le Daonáireamh, beidh siad in ann a dTionscadal Gníomhaíochta féin a phleanáil le haghaidh Dhaonáireamh 2016.

### Leideanna don mhúinteoir:

Cuir san áireamh cumas an ghrúpa, tréimhse ama, etc.

Fáil ar ábhair ealaíne, úsáid ríomhairí, etc.

Déan cinnte go bhfuil jabanna atá sainmhínithe go soiléir ag grúpaí / coistí.

Déan cinnte go bhfuil jabanna atá sainmhínithe go soiléir ag daltaí.

### Céim a hAon

Tosaigh grúpdhíospóireacht ar phleanáil le haghaidh gníomhaíochta. Déan ransú smaointe leis an rang ar conas daonáireamh a réachtáil.

Lorg focail reatha a bhféadfadh an dalta iad a úsáid, mar shampla:

- Cead
- Foirm Daonáirimh a dhearadh
- An Fhoirm Daonáirimh a thabhairt amach
- Torthaí a ríomh
- Daoine a thabharfaidh an Daonáireamh amach

Ba cheart go dtiocfadh liosta jabanna ar nós an jab thuas as an ransú smaointe. Bain úsáid as **Bileog Pleanála 1** (leathanach 49).

### Céim a Dó

Iarr ar na daltaí an liosta focal reatha/jabanna a scríobh síos ina gcóipleabhar.

### Céim a Trí

Ina mbeirteanna, cuireann na daltaí an liosta jabanna le chéile, agus na jabanna á gcur san ord ar cheart iad a chur i gcrích.

Ag brath ar an am atá ar fáil, d'fhéadfaí tabhairt faoi phlé ranga ar a bhfuil i gceist le gach jab dáiríre, etc.

### Céim a Ceathair

Bunaithe ar ghrúpa ranga 30 dalta a dhéanfaidh daonáireamh blianghrúpa, roinnfeadh an múinteoir an rang ach na tuairisceoirí grúpa/taisc faoi iad a úsáid mar threoirlíne.

### Céim a Cúig

Ba cheart am a chaitheamh ar a chur in iúl go soiléir cé na nithe nach mór do gach grúpa a dhéanamh. Bain úsáid as **Bileog Pleanála 2** (leathanach 50) chun tascanna Grúpaí/Coistí a thaifeadh. Bain úsáid as **Bileog Pleanála 3** (leathanach 51) le go mbeidh gach dalta in ann a dtascanna a thaifeadh.

### Céim a Sé

Gníomhaíochtaí a dhéanamh:

**Tabhair faoi deara:** Beidh a gcuid oibre curtha i gcrích ag Grúpaí 1, 2 agus 3 roimh Sheachtain an Daonáirimh. Mar sin féin, is féidir le Grúpaí 4, 5 agus 6 a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil/a réachtáil le linn do na Grúpaí thuasluaite a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích.

### Leid Thábhachtach

Nuair atá gníomhaíocht ar siúl, cuir i gcuimhne do na daltaí na nithe a rinne a ngrúpaí sa lá agus na nithe a rinne siadsan sa lá a scríobh síos i leagan amach dialainne ina gcóipleabhar. Baineann dhá bhuntáiste leis an ngníomhaíocht sin:

1. Obair baile fhéideartha agus gníomhaíocht á déanamh
2. Cabhróidh sí leis an bpróiseas scríbhneoireachta um thuairisc a thabhairt ar a gcuid gníomhaíochtaí.

### Cur Síos ar Ghrúpaí/ar Choistí

#### GRÚPA A HAON: GRÚPA AN CHEADA (beirt daltaí)

Faigheann sé cead ón bPríomhoide daonáireamh a dhéanamh

Scríobhann sé litir fhoirmiúil iarrata agus mínithe

Déanann sé coinne bualadh leis an bPríomhoide.

#### GRÚPA A DÓ: GRÚPA NA gCEISTEANNA (seisear daltaí)

Roinneann sé an daonáireamh ina thrí chuid

Leithdháileann sé beirt daltaí ar gach cuid chun na ceisteanna a phleanáil

Tagann sé le chéile mar ghrúpa

Pleanálann sé an dréacht deiridh de cheisteanna daonáirimh.

Má tá teorainn leis an am atá ar fáil, d'fhéadfaí an teimpléad foirme daonáirimh sa phacáiste seo a úsáid.

### Más amhlaidh go bhfuil d'Fhoirm Daonáirimh féin á dearadh agat

Coinnigh na ceisteanna chomh simplí agus is féidir e.g. d'fhéadfadh na nithe seo a bheith ar na roghanna atá ar fáil le haghaidh na ceiste faoi thaisteal chun na scoile: 'de shiúl na gcos', 'ar rothar', 'gluaisteán (paisinéir)', 'ar an mbus' agus 'eile'.

#### GRÚPA A TRÍ: GRÚPA AN DEARAIDH (cúigear daltaí)

Faigheann sé na ceisteanna ó ghrúpa na gceisteanna

Dearann sé leagan amach an daonáirimh agus seiceálann sé earráidí litrithe

Déanann sé cinnte go bhfuil sé soléite agus sothuigte

Iarrann sé cead fótachóipire na scoile a úsáid agus líon na gcóipeanna atá ag teastáil a fhótachóipeáil.

### GRÚPA A CEATHAIR: GRÚPA AN DÁILTE (cúigear daltaí)

Leithdháileann sé rang i mblianghrúpa ar gach dalta

Iarrann sé cead ó mhúinteoirí ranga an daonáireamh a dháileadh Eagraíonn sé dáta / am chun foirmeacha daonáirimh a dháileadh agus a bhailiú.

### GRÚPA A CÚIG: GRÚPA AN RÍOFA (seisear daltaí)

Roinneann sé an fhoirm daonáirimh ina codanna Cuireann sé na torthaí go léir le chéile

Tagann sé le chéile chun an leagan amach le haghaidh na dtorthaí a chinneadh - táblaí, barrachairteacha, píchairteacha, etc.

### GRÚPA A SÉ: AN GRÚPA UM FHEASACHT AR LÁ AN DAONÁIRIMH (seisear daltaí)

Dearann sé póstaer

Eagraíonn sé uair le labhairt ag tionól scoile

Déanann sé fógraí thar ghléas idirchumarsáide na scoile

Scríobhann sé ailt faoin daonáireamh do nuachtlitir na scoile, do chlár fógraí Chomhairle na nDaltaí...

#### Dalta as Láthair

Má tá dalta as láthair an lá ar a bhfuil sé ar tí a chuid féin den Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh, beidh sé in ann rud nó dhó a dhéanamh fós:

- Má tá sé i láthair lá an Daonáirimh, beidh sé in ann grianghraif den imeacht agus de na póstaer, etc. a thógáil agus iad a chur le tuarascáil ar an imeacht a chuirfear i láthair a ranga.
- Má tá sé as láthair lá an Daonáirimh, beidh sé in ann agallamh a chur ar dhalta nó ar mhúinteoir faoin Daonáireamh tar éis an imeachta, a thorthaí a thaifeadadh agus iad a chur i láthair an ranga.

#### Smaointe Eile le haghaidh an Tionscadail Gníomhaíochta

Múscail Feasacht ar Oíche an Daonáirimh i do scoil/do phobal

Eagraigh taispeántas de Shonraí Daonáirimh faoi do phobal ach SAPS agus SAPMAPanna ó [www.census.ie](http://www.census.ie) a úsáid

BILEOG PLEANÁLA 1: CONAS A DHÉANFAIMID ÁR Gcuid AMA A BHAINISTIÚ MAR RANG			
DÁTA	TASC	NITHE LE DÉANAMH	COISTE?



# CONAS A DHÉANFAIMID ÁR gcUID AMA A BHAINISTIÚ MAR CHOISTE?

[illegible]

## BILEOG PLEANÁLA 3: MO PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA FÉIN

[illegible]





# ***Seachtain an Daonáirimh***

***18-22 Aibreán 2016***

Ceachtanna 09 agus 10: An Daonáireamh a Dhéanamh agus  
Sonraí Daonáirimh a Ullmhú



# Sonraí Daonáirimh Scoile a Ullmhú

Cuir torthaí do Dhaonáirimh le chéile. Taispeáin do chuid torthaí ar Tháblaí, ar Bharrachairteacha nó ar Phíchairteacha.

## Moltaí le haghaidh Cairteacha:

1. Líon na ndaoine fireanna / baineanna
2. Bliain bhreithe
3. Áit bhreithe
4. Náisiúntacht
5. Stádas pósta
6. An cumas Gaeilge a labhairt
7. Creideamh
8. Modh taistil
9. Úinéireacht ríomhaire phearsanta

Taispeáin Torthaí an Daonáirimh in áit fheiceálach i do scoil (An Limistéar Fáiltithe / an Forhalla / an Leabharlann).

## Nuair atáthar ag Próiseáil Torthaí


Beidh sé doiligh líon ard ceisteanna a phróiseáil. D'fhéadfá na torthaí ar 2-3 cheist a roghnú, e.g. taisteal chun na scoile, úinéireacht ríomhaire agus teangacha a labhraítear.


D'fhéadfadh go mbeadh na teimpléid seo a leanas úsáideach le haghaidh torthaí a phróiseáil. D'fhéadfadh na daltaí teimpléid eile a dhearadh de réir mar is gá.

Úinéireacht Ríomhaire Phearsanta	Daoine a bhfuil ríomhaire pearsanta acu	Daoine nach bhfuil ríomhaire pearsanta acu	An tIdirlíon, le Leathanbhanda	An tIdirlíon, le Ceangal Eile	Gan Rochtain ar an Idirlíon
Fireann					
Baineann					
<b>IOMLÁN</b>					

Taisteal chun Scoile	De shiúl na gcos	Ar rothar	Gluaisteán (paisinéir)	Ar an mbus	Eile
Fireann					
Baineann					
<b>IOMLÁN</b>					


Notaí






## Notaí

Notaí





## Notaí





